



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta

Scannánaíocht i bhFócas


An Próiseas Eagarthóireachta




An Eagarthóireacht a Thosú

- Céim 1** Oscail *DaVinci Resolve*
- Céim 2** Cliceáil ar **Thionscadal Nua** sa chúinne íochtarach ar dheis
- Céim 3** Tabhair ainm do do thionscadal
- Céim 4** Cliceáil **Cruthaigh**

Osclófar Davinci Resolve go huathoibríoch sa Scáileán Gearrtha. Féach ar bhun do scáileáin áit a bhfeicfidh tú sraith cluaisíní. Is ionann iad sin agus leathanaigh. Is iad seo na leathanaigh a úsáidfimid chun ár scannáin a chur in eagar: an leathanach **Meán**, an leathanach **Eagarthóireachta** agus an leathanach **Seachadta**. Tá na leathanaigh eagraithe in ord a úsáide, mar sin tosaíonn tú ar chlé agus críochnaíonn tú ar dheis ar fad.




- Céim 5** Cliceáil ar **leathanach na Meán** arb é an chéad deilbhín ar an liosta é. Is é seo an pointe tosaigh agat.
- Céim 6** Cliceáil ar dheis ar an alt íochtarach agus cliceáil **Meán a Iompórtáil**




Céim 7 Téigh chuig do dheasc agus aimsigh do chomhad ina bhfuil píosáí scannánaíochta

Céim 8 Aibhsigh do ghearrtháin agus cliceáil Oscail. Taispeánfar preabfhuinneog a bhaineann le rátaí fráma.

Cliceáil ar **Ráta Fráma a Athrú**. Beidh do ghearrtháin le feiceáil i linn na mean



Céim 9 Cliceáil ar an tríú cluaisín ag bun an scáileáin. Is é seo an cluaisín **Cuir in Eagar**




Sa chluaisín seo feicfidh tú do mheáin ar chlé. In aice leis sin tá **Fuinneog Réamhamhairc**. Seo an áit a bhfeicfidh tú do chuid píosaí scannánaíochta sula rachaidh tú isteach i d'amlíne. In aice leis sin atá **Fuinneog an Chláir** agat. Taispeánfaidh sé sin do scannán de réir mar a théann sé ar aghaidh go scannán críochnaithe. Thíos fúthu sin atá **d'Amlíne**. Seo an áit a socraíonn tú do chuid píosaí scannánaíochta i ndiaidh a chéile.


Céim 10 Cliceáil faoi dhó ar do chéad ghearrthán i Linn na Meán. Beidh an gearrthán seo le feiceáil i d'Fhuinneog Réamhamhairc. Bog an barra faoin bhfuinneog chun do phointe tosaigh a aimsiú. Beidh sé sin ann tar éis duit 'Aicsean' a chloisteáil.

Brúigh **I le haghaidh pointe tosaigh (In Point)**. Bog an barra go dtí an áit ar mhaith leat deireadh a chur leis an ngearrthán. Beidh sé sin ann sula gcloisfidh tú '**Gearr**'.

Brúigh **O le haghaidh pointe deiridh (Pointe Deiridh)**.



Céim 11 Tarraing do ghearrthán síos ar d'amlíne agus déan arís is arís é do na gearrtháin go léir atá fágtha




Rudaí le tabhairt faoi deara


Cuimhnigh é a **Shábháil** de réir mar a théann tú ar aghaidh **Ctrl + S**, **chun cealú** brúigh **Ctrl + Z**

Tugtar an **Seinnchnoga** ar an líne ingearach dhearg ar d'amlíne. Ligeann sé sin duit sciúradh suas agus síos d'amlíne ar féidir breathnú air i bhFuinneog an Chláir.

Ceol á lompórtáil


Céim 1 Cliceáil ar dheis ar linn na meán agus cliceáil ar **Bosca Bruscair Nua**. Athainmnigh é mar 'Fuaim'.






Céim 2 Cliceáil faoi dhó ar an mbosca bruscair nua a cruthaíodh.


Céim 3 Cliceáil ar dheis, cliceáil **Meáin a lompórtáil** agus déan nascleanúint chuig d'fhilleán ceoil ar an deasc chun an ceol a theastaíonn uait a roghnú. Beidh sé seo le feiceáil i do bhosca bruscair nua.




Céim 4 Tarraing do ghearrthóg fuaime ar d'amlíne faoi do chéad líne fuaime



Céim 5 Úsáid Uirlis an Rázúr chun d'fhuaim a ghearradh go dtí an fad atá ag teastáil. Téigh ar ais go dtí d'Uirlis Roghnaithe agus aibhsigh an chuid iomarcach den ghearrthóg cheoil. Cliceáil **Scrios**






Fuaim a Mheascadh - Céimniú Isteach agus Amach

Céim 1 Ag tús agus ag deireadh do ghearrthóige ceoil tá **Cluaisín beag Bán**.


Cliceáil ar an gcluaisín agus tarraing chun maisiú céimnithe isteach agus amach a chruthú.




Céim 2 Chun do leibhéal fuaime a íslíú le linn cainte, aibhsigh do rian ceoil. Cliceáil ar an **gCluaisín Cigireachta** sa chúinne uachtarach ar dheis.

Céim 3 Tarraing an **Seinnchnoga** agat díreach roimh an áit ar mhaith leat coigeartú a dhéanamh. I gCuid na fuaime den **Chluaisín Cigireachta** cliceáil ar **Dheilbhín an Muileata** ar dheis.


Cuireann sé sin ponc bán le do rian ceoil. Bog do sheinnchnoga beagán níos faide agus cliceáil ar **Dheilbhín an Mhuileata** arís. Cuireann sé sin an dara ponc bán le do rian. Aibhsigh an dara ponc agus tarraing síos é chun an fhuaim a íslíú.





Teidil agus Teidil Chreidiúna

- Céim 1** Cliceáil ar an **gCluaisín Máisíochtaí**
- Céim 2** Cliceáil ar an **gCluaisín na dTeideal**




Céim 3 Tarraing an **Cluaisín Teideal Bunúsach** ar d'amlíne, ag cinntiú go gcuireann tú é ar fhíseán 2 os cionn do ghearrtháin scannáin nó ag deireadh shraitheog do gearrtháin.

Céim 4 Cliceáil isteach sa bhosca téacs i bhfuinneog an chláir chun do théacs a athrú.

Céim 5 Cliceáil ar an **gCluaisín Cigireachta** chun cló, méid, dath, srl a athrú.


Úsáid an uirlis **Pointí Seasta** chun do théacs a ailíniú.



Céim 6 Chun **Téacs Scrollála** a chur leis, tarraing cluaisín an téacs scrollála ar d'amlíne.

Céim 7 Cliceáil ar an **gCluaisín Cigireachta**


Céim 8 Úsáid an **Bosca Téacs** chun d'fhocláíocht téacs, cló, clómhéid, dath, srl a athrú. Cinntear luas an scrollaithe de réir fhad do ghearrtháin.




Aistrithe

Céim 1 Cliceáil ar an gcluaisín **Aistrithe Físe**

Céim 2 Roghnaigh **Díscaoil** agus tarraing ar d'amlíne. Cuir idir 2 ghearrthán é. (Is mó tóir - crosleátán agus ísligh chun dathú). Is féidir leat an **Cluaisín Bán** agus tús agus deireadh gearrtháin a tharraingt freisin chun céimnithe isteach agus amach a chruthú.





Easpórtáil

- Céim 1** Cliceáil ar an **gCluaisín Roicéad**
- Céim 2** Cliceáil ar **H.264**
- Céim 3** Tabhair ainm do do thionscadal
- Céim 4** Cliceáil **Brabhsáil** agus roghnaigh deasc mar shuíomh do chomhaid
- Céim 5** Cliceáil ar **Cuir le Scuaine Scáthaithe**
- Céim 6** Cliceáil **Scáthaigh Gach Rud**

